S.44T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – IARNÓIN, 2.00i.n. go dtí 4.00i.n.

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

***Freagair gach cuid den cheist seo a leanas:***

Bhí na hiarmhéideanna seo a leanas ag BREATNACH Tta ar an 1 Bealtaine 2006.

| | € |
|---|---|
| Banc | 5,000 |
| Creidiúnaí: DE BÚRCA Tta | 30,000 |
| Innealra | 75,000 |

**(A)** Breac na hiarmhéideanna seo sa LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA, faigh iarmhéid an CHAIPITIL GHNÁTHSCAIREANNA agus breac na hiarmhéideanna seo sna Cuntais Mhórleabhair chuí agus sa Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim. (10)

**(B)** Breac na figiúirí cuí ó Leabhar na nDíolachán thíos sa Mhórleabhar. (5)

**LEABHAR NA nDÍOLACHÁN**

| Dáta | Sonraí | Uimh. Shonraisc | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2/5/2006 | Ó CEALLAIGH Tta | 1 | MLF | 40,000 | 5,400 | 45,400 |
| 7/5/2006 | Ó MAIRTÍN Tta | 2 | MLF | 84,000 | 11,340 | 95,340 |
| | | | | 124,000 | 16,740 | 140,740 |
| | | | | **MLG** | **MLG** | |

**(C)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do Mhí na Bealtaine a thaifeadadh. Breac na figiúirí cuí sa Mhórleabhar.
Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil seo a leanas sa cholún airgid:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc; Díolacháin; CBL; Féichiúnaí

**Taobh an Chreidmheasa (Íocaíochtaí):** Banc; Ceannacháin; CBL; Creidiúnaí; Eile

| | | |
|---|---|---|
| 3/5/2006 | Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos | €68,000 (€60,000 + CBL €8,000) |
| 8/5/2006 | Íocadh a chuntas iomlán le DE BÚRCA Tta | (Seic Uimh. 1) |
| 12/5/2006 | Ceannaíodh talamh | (Seic Uimh. 2) €100,000 |
| 20/5/2006 | Ceannacháin le hathdhíol | (Seic Uimh. 3) €32,000 + CBL 13.5% |
| 26/5/2006 | D’íoc Ó MAIRTÍN Tta €50,000 agus lóisteáladh é seo. Admháil Uimh. 1. | |

(16)

**(D)** Comhardaigh na cuntais ar 31 Bealtaine 2006 agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin. (9)

**(40 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Díolachán ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus Leabharchoimeád.**

***Freagair gach cuid den cheist seo a leanas:***

**(A)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis a ndíolann gnólachtaí earraí ar cairde.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **dhá** mhodh oiriúnacha, a mbainfeadh gnólacht úsáid astu, chun rátáil creidmheasa custaiméirí a mheas. (12)

**(B)** Baineann na sonraí seo a leanas le díolachán earraí ar cairde ag Ó CIONAOITH Tta le DE BRÚN Tta, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo do Mhí Aibreáin 2006.

Ar an 1 Aibreán 2006, bhí fiacha €2,500 ag Ó CIONAOITH Tta ar DE BRÚN Tta.

Tharla na bearta seo a leanas i rith Mí Aibreáin.

10/4/2006 Fuair Ó CIONAOITH Tta Seic Uimh. 34 ó DE BRÚN Tta ………… €1,750
23/4/2006 Chuir Ó CIONAOITH Tta Sonrasc Uimh. 22 chuig DE BRÚN Tta …€7,000 + CBL 21%
29/4/2006 Chuir Ó CIONAOITH Tta Nóta Creidmheasa Uimh. 78 chuig DE BRÚN Tta ………………………………………………….. €1,800 + CBL 21%

Ar an 30 Aibreán 2006, chuir Ó CIONAOITH Tta Ráiteas Cuntais Uimh. 91 chuig DE BRÚN Tta.

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar conas ba cheart do Ó CIONAOITH Tta plé le Ráitis Chuntais a chuireann siad amach.

**(ii)** Comhlánaigh an Ráiteas Cuntais Uimh. 91 *ar an mbileog dhoiciméid bhán atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

**(iii)** Taifead admháil an tSonraisc Uimh. 22 agus Nóta Creidmheasa Uimh. 78 i Leabhar Ceannacháin agus i Leabhar Aischuir Amach DE BRÚN Tta *ar an mbileog bán leabharchoimeád atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*. (28)

**(40 marc)**

**3. Ceist í seo a bhaineann le Fostóir agus Pá.**

***Freagair gach cuid den cheist seo a leanas:***

D'éirigh Póilín Ní Cheallaigh, príomhmheicneoir i ngaráiste áitiúil, as a post agus bhunaigh sí a gnólacht féin, PK MOTORS. Tá Austin Martin fostaithe ag Póilín mar mheicneoir cúnta.

**(A)** **(i)** Luaigh **dhá** luach saothair agus **dhá** riosca a bhainfeadh le post Phóilín mar úinéir ar PK MOTORS.

**(ii)** Luaigh **dhá** cheart agus **dhá** chúram a bhaineann le post Phóilín mar fhostóir.

**(iii)** Mínigh an tábhacht a bhaineann le cuntais fostaithe a choimeád i gcás PK MOTORS. (22)

**(B)** Íocfaidh PK MOTORS ollphá €3,600 sa mhí le hAustin Martin. Íocfaidh seisean cáin ioncaim (ÍMAT) de réir ráta 20% ar an gcéad €2,450 dá phá agus 42% ar an bhfuílleach. Faigheann Austin Martin creidmheas cánach €238 sa mhí. Is é ráta ÁSPC an fhostaí ná 7.5% agus ráta ÁSPC an fhostóra ná 12%.

**(i)** Comhlánaigh Leabhar Pá PK MOTORS do Mhí na Márta 2006.
Bain úsáid as an Leabhar Pá a bhfuil cuid de comhlánaithe *ar an mbileog ar leith atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

**(ii)** Ríomh an costas iomlán, do Mhí Márta 2006, ar fhostaíocht Austin Martin agus cuir do fhreagra sa spás atá curtha ar fáil *ar an mbileog ar leith atá curtha ar fail leis an bpáipéar seo.* (18)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

***Freagair gach cuid den cheist seo a leanas:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Ó BROIN Tta ar an 31 Márta 2006.
Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 400,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH Ó BROIN Tta ar an 31 Márta 2006** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|
| Stoc Tosaigh 1/4/2005 | 27,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 60,000 | 38,000 |
| Ceannacháin agus Díolacháin | 120,000 | 300,000 |
| Aischuir Isteach | 18,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 15,000 | |
| Talamh | 400,000 | |
| Cíos | 13,000 | |
| Feithiclí Mótair | 92,000 | |
| Coimisiún Infhaighte | | 12,000 |
| Iasacht 30 bliain | | 70,000 |
| Airgead Tirim | 1,200 | |
| Teileafón | 4,000 | |
| Rótharraingt Bainc | | 5,000 |
| Pá | 40,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 20,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 360,000 Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | | 360,000 |
| Fógraíocht | 14,800 | |
| | 805,000 | 805,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Brabúis agus Caillteanais agus Cuntas Leithghabhála** an chomhlachta a ullmhú don bhliain dar chríoch 31 Márta 2006 maille le **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar an 31 Márta 2006.

(i) Stoc deiridh €19,500

(ii) Carraeireacht Isteach dlite € 4,000

(iii) Cíos réamhíoctha € 5,000

(iv) Díbhinn fógraithe 12%

(v) Coimisiún Infhaighte dlite € 2,000

(vi) Dímheas: Feithiclí Mótair 15% (35)

**(B)** Luaigh na **trí** foinsí fadtéarmacha airgeadais sa CHOMHARDÚ TRIALACH thuas ag Ó BROIN Tta. (5)

**(40 marc)**

**5.** **Ceist í seo ar an Slabhra Tairgthe agus ar Chórais Seachadta.**

***Freagair gach cuid den cheist seo a leanas:***

**(A)** **(i)** Mínigh, le cabhair sampla, cad is brí leis an téarma **táirgeadh príomhúil**.

**(ii)** Mínigh, le cabhair sampla, cad is brí leis an téarma **tionscal seirbhíse**. (8)

**(B)** Úsáidtear bealaí éagsúla dáilte le haghaidh táirgí difriúla.

**(i)** Sainaithin, ar léaráidí cuí, **dhá** bhealach dáilte.

**(ii)** Tabhair sampla **amháin** de tháirge a dháiltear ag gach bealach díobh. (7)

**(C)** **(i)** Mínigh **trí** thosca a théann i bhfeidhm ar an saghas córas seachadta a roghnaíonn gnólacht.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhorbairt nua-aimseartha ar chórais seachadta in Éirinn.

(15)

**(D)** Ar an 1 Aibreán 2006, cheannaigh DE FAOITE Tta veain seachadta ar €50,000 agus d'íoc siad as le Seic Uimh. 1.

Taispeáin conas a dhéanfaí an beart sin a thaifeadadh sa Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim agus sa Chuntas Veain Seachadta ag DE FAOITE Tta *ar an mbileog bán leabharchoimeáid atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(10)

**(40 marc)**

**6.** **Ceist í seo a bhaineann le Margaíocht, Coigilteas agus Cuntas Deiridh Gnólacht Seirbhíse.**

***Freagair gach cuid den cheist seo a leanas:***

Seolfaidh FIDDLE STICKS, grúpa ceoil Ghaelaigh, a CD is déanaí ar mhargadh na Fraince agus na Gearmáine ar an 1 Iúil 2006. Díolfar na CD ar €18 an ceann. Gheobhaidh an grúpa 15% den ioncam díolacháin. Roinnfidh an cúigear sa ghrúpa an t-ioncam seo go cothrom eatarthu féin.

**(A)** Luaigh **trí** cinn de na modhanna cur chun cinn is fearr a bhféadfadh FIDDLE STICKS úsáid a bhaint astu chun a CD a sheoladh. Tabhair fáth **amháin** le haghaidh gach modha a luann tú. (12)

**(B)** **(i)** Ríomh cé mhéad a gheobhaidh gach ball den ghrúpa má dhíoltar 250,000 CD.

**(ii)** Seachas An Post, luaigh **trí** institiúid airgeadais eile a mholfá do bhaill an ghrúpa chun roinnt dá dtuillimh a choigilt iontu.
Tabhair fáth difriúil **amháin** le gach institiúid faoi seach díobh a roghnú. (12)

**(C)** Ullmhaigh **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** FIDDLE STICKS don bhliain dár chríoch 31 Bealtaine 2006 ón eolas seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Ioncam ó sheinm i gceolchoirmeacha | 800,000 |
| Ioncam Formhuinithe | 300,000 |
| Costais fógraíochta | 200,000 |
| Costais Iompair agus cóiríochta | 260,000 |
| Ioncam dleachtanna | 250,000 |
| Costais teagasc gutha | 80,000 |
| Pá | 600,000 |
| Éadaí | 30,000 |
| Cóiriú trealaimh | 9,000 |

Beidh táillí bainisteoireachta **12 ½%** ar an ioncam iomlán. (16)

**(40 marc)**

# Leathanach Bán